Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**7264/26**
**COR 2**

**EF 70**
**ECOFIN 333**
**DELACT 48**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5551 final |
| Ábhar: | CEARTÚCHÁN<br>ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/773 ón gCoimisiún an 4 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le hinneachar laghdaithe, formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe an réamheolaire leantaigh AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE<br>*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2026/773, 15 Meitheamh 2026)* |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
C(2026) 5551 final

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/773 ón gCoimisiún an 4 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le hinneachar laghdaithe, formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe an réamheolaire leantaigh AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2026/773, 15 Meitheamh 2026)*

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/773 ón gCoimisiún an 4 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le hinneachar laghdaithe, formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe an réamheolaire leantaigh AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE**

***(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2026/773, 15 Meitheamh 2026)***

Ar leathanach 20, sa tábla in Iarscríbhinn 31, Roinn 7:

*in ionad:*

| | | |
|---|---|---|
| ‘Mír 7.3 | **Tairiscint agus frithghealladh (Sonrach ó thaobh miondíola de)** | |
| Mír 7.3.1<br>(Sonrach ó thaobh miondíola de) | Ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an eisiúint a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais dhaingin, agus ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an eisiúint a láithriú gan gealltanas daingean nó faoi shocruithe ‘seandíchill’.<br>I gcás nach bhfuil an eisiúint go léir frithgheallta, ráiteas ar an gcuid nach bhfuil clúdaithe. | Catagóir C |
| Mír 7.3.2<br>(Sonrach ó thaobh miondíola de) | Léiriú ar mhéid foriomlán an choimisiúin frithgheallta agus ar an gcoimisiún láithrithe. | Catagóir C |
| Mír 7.4 | **Ligean isteach chun trádála** | |
| Mír 7.4.1 | An méid iomlán urrús a ligfear isteach chun a dtrádála. | Catagóir C |
| Mír 7.4.2 | I gcás inarb infheidhme, an margadh rialáilte, margadh fáis FBManna nó an MTF ina bhfuil na hurrúis le ligean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála a léiriú. | Catagóir C |
| Mír 7.4.3 | Ainm agus seoladh na ngníomhairí íocaíochta agus na ngníomhairí taisclainne i ngach tír. | Catagóir C’ |

*léitear:*

| | | |
|---|---|---|
| ‘Mír 7.4 | **Tairiscint agus frithghealladh (Sonrach ó thaobh miondíola de)** | |
| Mír 7.4.1<br>(Sonrach ó | Ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an eisiúint a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais dhaingin, agus | Catagóir C |

| | | |
|---|---|---|
| thaobh miondíola de) | ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an eisiúint a láithriú gan gealltanas daingean nó faoi shocruithe ‘seandíchill’.<br>I gcás nach bhfuil an eisiúint go léir frithghealltа, ráiteas ar an gcuid nach bhfuil clúdaithe. | |
| Mír 7.4.2<br>(Sonrach ó thaobh miondíola de) | Léiriú ar mhéid foriomlán an choimisiúin frithgheallta agus ar an gcoimisiún láithrithe. | Catagóir C |
| Mír 7.5 | **Ligean isteach chun trádála** | |
| Mír 7.5.1 | An méid iomlán urrús a ligfear isteach chun a dtrádála. | Catagóir C |
| Mír 7.5.2 | I gcás inarb infheidhme, an margadh rialáilte, margadh fáis FBManna nó an MTF ina bhfuil na hurrúis le ligean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála a léiriú. | Catagóir C |
| Mír 7.5.3 | Ainm agus seoladh na ngníomhairí íocaíochta agus na ngníomhairí taisclainne i ngach tír. | Catagóir C’ |